Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 20 Deireadh Fómhair 2023**
**(OR. en)**

**14503/23**

**PECHE 469**
**DELACT 162**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 12 Deireadh Fómhair 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2023) 6750 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN<br>an 12.10.2023<br>lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 32/2000 ón gComhairle a mhéid a bhaineann le toirteanna ullmhóidí bia, séaclaí próiseáilte den speiceas *Pandalus borealis* agus sraithadhmad áirithe de speicis bhuaircíneacha is féidir a allmhairiú faoi tharaif-chuótaí 09.0013, 09.0047, 09.0088 agus 09.0096 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2023) 6750 final.

---

Faoi iamh: C(2023) 6750 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 12.10.2023
C(2023) 6750 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 12.10.2023**

**lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 32/2000 ón gComhairle a mhéid a bhaineann le toirteanna ullmhóidí bia, séaclaí próiseáilte den speiceas *Pandalus borealis* agus sraithadhmad áirithe de speicis bhuaircíneacha is féidir a allmhairiú faoi tharaif-chuótaí 09.0013, 09.0047, 09.0088 agus 09.0096**

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Le Rialachán (CE) Uimh. 32/2000 ón gComhairle[1] osclaítear taraif-chuótaí Comhphobail agus déantar foráil, *inter alia,* maidir lena riar faoi Chomhaontú Ginearálta 1994 um Tharaifí agus Trádáil (CGTT).

I bhfianaise tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach agus tar éis caibidlíocht a dhéanamh le Stáit Aontaithe Mheiriceá de bhun Airteagal XXVIII de GATT 1994 a bhaineann le modhnú na lamháltas ar na taraif-chuótaí uile a áirítear i Sceideal CLXXV AE, chomhaontaigh an tAontas taraif-chuótaí áirithe a leasú i ndáil leis na méideanna atá le hallmhairiú.

Is gá dá bhrí sin Rialachán (CE) Uimh. 32/2000 a leasú.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

An 5 Márta 2021, tar éis thabhairt i gcrích a gcaibidlíochta, chuir an tAontas agus SAM inisealacha ar Chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus Stáit Aontaithe Mheiriceá de bhun Airteagal XXVIII de Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí (GATT) 1994 a bhaineann le modhnú na lamháltas ar na taraif-chuótaí uile a áirítear i Sceideal CLXXV AE de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach.

Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle leis na Ballstáit maidir leis an dréacht-téacs ag an Sainghrúpa Custaim – An Roinn um Bearta Taraife.
Seachas roinnt iarrataí ar cheartúcháin teanga, ní bhfuair an Coimisiún aon bharúil le linn an chomhairliúcháin sin.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Tá bunús dlí an Rialacháin tharmligthe seo in Airteagal 10a de Rialachán (CE) 32/2000 ón gComhairle lena ndéantar foráil, chun cionroinnt a dhéanamh ar tharaif-chuótaí a áirítear i sceideal lamháltas agus ceangaltas an Aontais tar éis tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas, maidir le tarmligean na cumhachta chuig an gCoimisiún chun a Iarscríbhinn I a leasú chun, *inter alia,* aon chomhaontú idirnáisiúnta arna thabhairt i gcrích ag an Aontas faoi Airteagal XXVIII de GATT 1994, a bhaineann leis na taraif-chuótaí dá dtagraítear san Iarscríbhinn I sin, a chur san áireamh.

Leis an ngníomh tarmligthe seo, leasaítear méideanna tharaif-chuótaí 09.0013, 09.0047, 09.0088 agus 09.0096 tar éis Comhaontú idir an tAontas agus SAM a thabhairt i gcrích.

[1] IO L 5, 8.1.2000, lch. 1.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 12.10.2023**

**lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 32/2000 ón gComhairle a mhéid a bhaineann le toirteanna ullmhóidí bia, séaclaí próiseáilte den speiceas *Pandalus borealis* agus sraithadhmad áirithe de speicis bhuaircíneacha is féidir a allmhairiú faoi tharaif-chuótaí 09.0013, 09.0047, 09.0088 agus 09.0096**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 32/2000 an 17 Nollaig 1999 ón gComhairle lena n-osclaítear taraif-chuótaí Comhphobail a cheanglaítear le GATT agus taraif-chuótaí Comhphobail áirithe eile agus lena ndéantar foráil maidir lena riar agus lena mbunaítear rialacha mionsonraithe maidir leis na cuótaí a choigeartú, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1808/95 ón gComhairle[1], agus go háirithe Airteagal 10a de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Stáit Aontaithe Mheiriceá de bhun Airteagal XXVIII den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil (GATT) 1994 a bhaineann le modhnú na lamháltas ar na taraif-chuótaí uile a áirítear i Sceideal CLXXV AE de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach[2] ('an Comhaontú'), arna fhormheas le Cinneadh (AE) 2023/912 ón gComhairle[3], leasaítear taraif-chuótaí áirithe maidir leis an méid atá le hallmhairiú. Tháinig an Comhaontú i bhfeidhm an 2 Bealtaine 2023[4]. Ba cheart na leasuithe sin a léiriú i Rialachán (CE) Uimh. 32/2000.

(2) Ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 32/2000 a leasú dá réir.

(3) De dheasca na práinne a bhaineann le cur chun feidhme an Chomhaontaithe, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Ós rud é go bhfuil feidhm ag na leasuithe a dhéantar leis an Rialachán seo maidir le tréimhsí taraif-chuótaí atá ar siúl an lá a dtiocfaidh sé i bhfeidhm, is gá forálacha idirthréimhseacha a leagan síos le haghaidh na dtréimhsí sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasuithe ar Rialachán (CE) Uimh. 32/2000**

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 32/2000 mar a leanas:

1 IO L 5, 8.1.2000, lch. 1.
2 IO L 119, 5.5.2023, lch. 3.
3 Cinneadh (AE) 2023/912 ón gComhairle an 25 Aibreán 2023 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Stáit Aontaithe Mheiriceá de bhun Airteagal XXVIII den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil (CGTT) 1994 a bhaineann le modhnú na lamháltas ar na taraif-chuótaí uile a áirítear i Sceideal CLXXV AE de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach (IO L 119, 5.5.2023, lch. 1).
4 IO L 135, 23.5.2023, lch. 52.

(a) sa ró le haghaidh shraithuimhir 09.0013, sa cholún dar ceannteideal 'Méid an chuóta',
cuirtear an méid '448 500 $m^3$' in ionad '482 648 $m^3$';

(b) sa ró le haghaidh shraithuimhir 09.0047, sa cholún dar ceannteideal 'Méid an chuóta',
cuirtear an méid '500 tona' in ionad '474 thona';

(c) sa ró le haghaidh shraithuimhir 09.0088, sa cholún dar ceannteideal 'Méid an chuóta',
cuirtear an méid '783 thona' in ionad '702 thona';

(d) sa ró le haghaidh shraithuimhir 09.0096, sa cholún dar ceannteideal 'Méid an chuóta',
cuirtear an méid '1 286 thona' in ionad '831 thona'.

*Airteagal 2*

**Forálacha idirthréimhseacha le haghaidh thréimhsí an taraif-chuóta atá ar siúl**

1. Is iad na méideanna a bheidh ar fáil don chuid eile de thréimhsí an taraif-chuóta atá ar siúl [*Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*] an difríocht idir na méideanna cuóta mar a leasaítear leis an Rialachán seo agus na méideanna cuóta a leithdháileadh cheana féin roimh an dáta sin.

2. I gcás méadú ar an méid, más rud é, [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], go raibh na cuótaí is infheidhme an [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = an dáta roimh dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] ídithe, leithdháilfear na méideanna nua den chuóta a bheidh ar fáil ar oibreoirí de réir ord croineolaíoch na ndátaí ar glacadh lena ndearbhuithe custaim le haghaidh scaoileadh i saorchúrsaíocht. Oibreoirí a d'allmhairigh a gcuid earraí lasmuigh den chuóta roimh [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], aisíocfar leo, arna iarraidh sin dóibh agus sa mhéid agus is féidir sin le hiarmhéid an taraif-chuóta, an difríocht sa dleacht a íocadh cheana.

3. I gcás laghdú ar an méid, más rud é, [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], i gcás an chuóta is infheidhme an [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = an dáta roimh dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], gur scaoileadh i saorchúrsaíocht méid is airde ná méid an chuóta arna leasú leis an Rialachán seo, ní cheanglófar ar oibreoirí aon dleacht bhreise a íoc ar na méideanna laistigh den chuóta a allmhairítear a sháraíonn an méid nua atá ar fáil.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 12.10.2023

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*